Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Márta 2022
(OR. en)

7326/22
PV CONS 16
ENV 241
CLIMA 116

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

17 Márta 2022

# CLÁR


**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre ... 3

2. Formheas na míreanna 'A'
Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha ... 3

**Plé reachtach**

3. An pacáiste 'Oiriúnach do 55' ... 3

4. Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 ... 4

5. Rialachán maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas ... 4

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. An Seimeastar Eorpach a ghlasú ... 4

**Aon ghnó eile**

7. a) Tograí reachtacha reatha ... 4
   b) Comóradh an Choinbhinsiúin maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún Uisce):
   30 bliain de chomhar torthúil maidir le huisce á cheiliúradh (Taillinn, an Eastóin, an 30 Meitheamh 2022) ... 5
   a) (ar lean) Tograí reachtacha reatha ... 5
   c) An dara cuid den chúigiú seisiún de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA-5.2) (Nairobi, an 28 Feabhra go dtí an 2 Márta 2022) ... 5
   d) Comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a dhaingniú – glao nuashonraithe ar ghníomhaíocht phráinneach ... 5


***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7004/22.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha** 7020/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 7020/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. An pacáiste 'Oiriúnach do 55'** 6668/2/22 REV 2

**(a) Athbhreithniú ar Threoir (AE) 2003/87/CE lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil ar lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (ETS)**

**(b) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 (ESR)**

**(c) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/841 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF)**

**(d) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/631 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua**

**(e) Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta**
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach don 55' ar bhonn ceisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach in 6668/2/22 REV 2 iad.

**4. Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020** 7103/1/22 REV 1

*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le Ceallraí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 7317/22 é.

**5. Rialachán maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas** 6464/22

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an Rialachán maidir le Dífhoraoisiú ar bhonn ceisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach in 6464/22 iad.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. An Seimeastar Eorpach a ghlasú 6691/22

*Malartú tuairimí*

**Aon ghnó eile**

**7. (a) Tograí reachtacha reatha**

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i) Rialachán lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (POP)** 13349/21 + ADD 1

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

(b) **Comóradh an Choinbhinsiúin maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún Uisce): 30 bliain de chomhar torthúil maidir le huisce á cheiliúradh (Taillinn, an Eastóin, an 30 Meitheamh 2022)** [2] 6866/22
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hEastóine agus na Fionlainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hEastóine agus na Fionlainne ar fáil.

(a) **(ar lean) Tograí reachtacha reatha** [1][C]
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

(ii) **Treoir a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE maidir leis an gcomhshaol a chosaint tríd an dlí coiriúil** 14459/21 + COR 1
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

(c) **An dara cuid den chúigiú seisiún de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA-5.2) (Nairobi, an 28 Feabhra go dtí an 2 Márta 2022)** [2] 7119/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

(d) Comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a dhaingniú – glao nuashonraithe ar ghníomhaíocht phráinneach 7157/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)